



## Scéim na bhFéilte Ealaíon sa Ghaeltacht 2018

Spriocdháta; 5.00i.n **Dé hAoine, 09 Márta** 2018,

### Critéir

Tá **Scéim na bhFéilte Ealaíona Gaeltachta** oscailte do ghrúpaí agus do dhaoine aonair sna ceantair Ghaeltachta le deis a thabhairt dóibh forbairt a dhéanamh ar fhéilte ealaíon Gaeltachta nó eilimintí d'fhéilte Gaeltachta atá á reáchtáil agus á gcur i bhfeidhm trí mheán na Gaeilge. Déanann Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú ar an scéim.

### Ciste

Tá uasmhéid tacaíochta de €15,000 ar fáil. Caithfear aon mhaoiniú a cheadófar a éileamh taobh istigh de thréimhse 18 mí, mura n-éileofar an maoiniú taobh istigh den tréimhse seo, cuirfear ar ceal é.

### Critéir le haghaidh maoiniú

**Beidh na nithe seo a leanas curtha san áireamh agus an t-iarratas a mheas:**

- **Cur chuige soiléir ealaíona** ina mbeifear ag súil le próiseas cruthaitheach samhlaíoch, nuálach d'ard-chaighdeán
- **Páirtíocht ag ealaíontóirí gairmiúla** sa bhFéile nó iad siúd a bhfuil taithí acu ag obair le grúpaí trí mheán na n-ealaíon
- **Plean oibre** a leagann amach aidhm, cuspóir, straitéis, plean forbartha lucht féachana & rannpháirtíochta, plean margaíochta & r.l na féile
- **Eolas maidir le foinsí maoinithe nó tacaíochta**  
Is féidir maoiniú, urraíocht, úsáid ionaid, am deonach, maoiniú chomhchineáil a chur san áireamh anseo
- **Cumas bainistíochta agus riaracháin** ina gcuirfear taithí an duine /an ghrúpa, struchtúr, réimse saineolas agus speisialtóra san aireamh
- **Plean i dtaca le meastóireacht agus tuairisciú** a dhéanamh ar an bhféile nuair a bhíonn sí críochnaithe
- **Úsáid na Gaeilge** i cur chuige agus cur i láthair na féile

## **Próiseas Iarratais**

Caithfidh iarrthóirí foirm iarratais, atá ar fáil ón Áisitheoir Ealaíon, a líonadh. Tá sé inmholta go mbeadh an foirm seo clóite agus curtha chugainn ar ríomhphost agus an leathanach sínithe a chuir chugainn mar chruachóip. Tá sé riachtanach na doiciméid tacaíochta ábhartha bheith iniata leis an foirm.

### **Áisitheoirí Ealaíona**

Tír Chonail: [m.macaoidh@udaras.ie](mailto:m.macaoidh@udaras.ie)

Cúige Mumhan: [r.holstead@udaras.ie](mailto:r.holstead@udaras.ie)

Cúige Chonnacht & Co. na Mí: [m.nidhroighneain@udaras.ie](mailto:m.nidhroighneain@udaras.ie)

Tuilleadh Eolais: [ealain@udaras.ie](mailto:ealain@udaras.ie) & [www.ealain.ie](http://www.ealain.ie)